



# International Communication Project 2014

## TIONSCADAL IDIRNÁISIÚNTA CUMARSÁIDE 2014

Tá an chumarsáid<sup>1</sup> ar cheann de na cumais is bunúsaí atá ag an duine. Ní mór do dhaoine a bheith in ann dul i mbun cumarsáide chun an gealladh sóisialta, oideachasúil, mothúcháinach agus gairmiúil ar fad atá fúthu a chomhlíonadh.

Má bhíonn bacainní ar an gcumarsáid is deacair do dhuine:

- gaol a fhorbairt le daoine eile agus idirghníomhú leo;
- tuiscint a fháil;
- eolas a shealbhú, a chomhroinnt agus a chur i bhfeidhm;
- dea-shláinte fhisiciúil agus mheabhrach a bhaint amach agus a choimeád;
- bheith rannpháirteach go cuí agus go sábháilte in obair a bhfuil cuspóir léi agus/nó i ngníomhaíochtaí fóillíochta; agus
- teacht cothrom a bheith acu ar an gcóras ceartais agus ar sheirbhísí poiblí eile.

Buncheart ag an duine é bheith in ann dul i mbun cumarsáide. Tá cumas cumarsáide san uile dhuine.

Geallaimidne, atá tar éis an doiciméad seo a shíniú, a chinntiú go bhfaigheann daoine a bhfuil neamhoird cumarsáide<sup>2</sup> orthu dóthain tacaíochta. Geallaimid, leis, a chinntiú go dtugann gach eagraíocht agus córas lena mbaineann aird chuí ar mhíchumais cumarsáide<sup>3</sup> agus go ngníomhaíonn siad dá réir, lena n-áirítear:

- ucht ceaptha dlíthe agus déanta beartais;
- eagraíochtaí cistiúcháin agus árachóirí;
- na hearnálacha míochaine, sláinte, oideachais, míchumais, lucht scothaosta agus pobail;
- grúpaí tomhaltóirí agus tathanta;
- seirbhísí cúram sóisialta, ceartais agus seirbhísí poiblí; agus
- na meáin.

### Gealladh Poiblí Tacaíochta

Aithnímid gur buncheart ag an duine é a bheith in ann dul i mbun cumarsáide.

Aithnímid go bhfuil cumas cumarsáide san uile dhuine.

Trínár n-ainmneacha a chur leis an dearbhú seo, tacaímid leis na milliúin daoine ar fud an domhain a bhfuil neamhoird cumarsáide orthu a choisceann iad ó shaol comhlíontach a chaitheamh agus a bheith rannpháirteach go cothrom agus go hiomlán ina bpobail féin.

Creidimid gur cheart go mbeadh teacht ag daoine a bhfuil neamhoird cumarsáide orthu ar an tacaíocht is gá chun go gcomhlíonfaid siad an gealladh ar fad atá fúthu.

### Sínitheoirí

American Speech-Language-Hearing Association

Speech-Language and Audiology Canada (SAC) | Orthophonie et Audiologie Canada (OAC)

Cumann na hÉireann um Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga

New Zealand Speech-language Therapists' Association

Royal College of Speech and Language Therapists

Speech Pathology Australia

### Bí Linn!

Biodh d'eagraíochtsa ina thaca leis an gcúis seo trí bheith i do shínitheoir. Déan teagmháil linn ag [info@communication2014.com](mailto:info@communication2014.com). Féadann tú gealladh pearsanta tacaíochta ar líne a dhéanamh **anseo**, leis.

<sup>1</sup>Malartú faisnéise agus bri idir bheirt nó níos mó is ea cumarsáid. I gceist ann bíonn guthú, labhairt, cloisteáil, éisteacht, tú féin a chur in iúl, tuiscint, scileanna sóisialta, léitheoireacht, scríbhneoireacht, agus úsáid a bhaint as gothai, dreach, siombailí agus comharthaí.

<sup>2</sup>Féadann míchumas/míchumais a bheith ina thoradh/dtorthaí ar neamhord, ag brath ar thosca comhthéacsúla pearsanta agus timpeallachta. Míchumas a thugtar ar an toradh ar mháchaill (nó neamhoird) an duine i dteannta a chéile, na srianta lena ngníomhaíocht agus lena rannpháirtíocht, agus tosca comhthéacsúla (i.e. tosca timpeallachta agus pearsanta).

<sup>3</sup>Féadann míchumas cumarsáide nó daoine atá faoi mhíchumas cumarsáide a úsáid chun tagairt a dhéanamh do dhaoine a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu a dhéanamh difear dá gcumas bheith rannpháirteach go cothrom agus go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla. Tagraíonn míchumas/míchumais, de réir an Aicmithe Idirnáisiúnta ar Fheidhmiú, Míchumas agus Sláinte, do laige/laigi agus riochtaí as a leanann an laige/na laigi.